Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021
(OR. en)**

**9184/21**

**COSI 106
ENFOPOL 202
CRIMORG 54
CYBER 160
ENFOCUSTOM 82
JAI 636**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Bealtaine 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8665/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh a leagan síos do chomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe le haghaidh EMPACT 2022-2025.<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 26 Bealtaine 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh a leagan síos do chomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe le haghaidh EMPACT 2022-2025 mar a d'formhuinigh an Chomhairle ag an 3796ú cruinniú a bhí aici an 26 Bealtaine 2021 iad.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TOSAÍOCHTAÍ AN AONTAIS A LEAGAN SÍOS DO CHOMHRAC NA COIREACHTA TROMCHÚISÍ EAGRAITHE LE hAGHAIDH EMPACT 2022-2025

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Á MHEABHRÚ DI gur cuireadh timthriall beartais tosaigh, arna laghdú, de chuid an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach chun feidhme idir 2012 agus 2013 bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht, a chomhaontaigh an Chomhairle an 9 agus an 10 Meitheamh 2011[1], agus gur tháinig timthriall lánfheidhme beartais an Aontais sna sála air sin idir 2014 agus 2017 a bhí bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht, a chomhaontaigh an Chomhairle an 6 agus an 7 Meitheamh 2013[2], agus an dara timthriall lánfheidhme beartais de chuid an Aontais/EMPACT idir 2018 agus 2021 bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht a chomhaontaigh an Chomhairle an 18 Bealtaine 2017[3],

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI na bearta atá glactha ag na Ballstáit in éineacht le gníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile agus gníomhairí ábhartha eile chun timthriallta beartais an Aontais/EMPACT do 2012 agus 2013, 2014 go 2017 agus do 2018 go 2021 a chur chun feidhme, go háirithe faoi chuimsiú na bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin agus na laethanta comhghníomhaíochta, a chuir go mór le comhrac na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí,

Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go bhfuil EMPACT[4] níos oibríochtúla ná mar a bhí, rud a fhágann gur féidir díriú ar na príomhbhagairtí atá os comhair an Aontais ar bhealach comhordaithe, struchtúrach,

AG TÓGÁIL ar an taithí a fuarthas agus EMPACT á chur chun feidhme, mar a tugadh aghaidh air sna conclúidí ón gComhairle maidir le leanúint go buan de Thimthriall Beartais an Aontais Eorpaigh/EMPACT 2022+ [5],

[1] 11050/11
[2] 12095/13
[3] 9450/17
[4] I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le leanúint go buan de Thimthriall Beartais an Aontais Eorpaigh/EMPACT 2022+ (6481/21) cuireadh an t-ainm aonair 'EMPACT' (*an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla*) in ionad an téarma 'Timthriall Beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach'. Dá bhrí sin is do 'EMPACT' amháin a thagrófar sa chuid eile den doiciméad seo.
[5] 6481/21

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI rannpháirtíocht leanúnach comhpháirtithe nua amhail údaráis chustaim agus riaracháin agus leathnú EMPACT lena n-áirítear teagmháil le comhpháirtithe eile idir phoiblí agus phríobháideach, chomh maith le tríú comhpháirtithe agus tríú tíortha,

Á AITHINT DI go bhfuil ról tábhachtach ag comhordaitheoir náisiúnta EMPACT (NEC) i ndáil lena áirithiú go mbeidh na húdaráis náisiúnta ábhartha rannpháirteach i gcur chun feidhme na dtosaíochtaí maidir leis an gcoireacht agus i gcomhordú éifeachtach ar bhonn náisiúnta,

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI a thábhachtaí atá an oiliúint, an mhúscailt feasachta agus an chumarsáid sna Ballstáit agus in institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, i ndáil le EMPACT agus tosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht, agus a thábhachtaí atá sé feasacht ar EMPACT a chur chun cinn i dtríú tíortha,

Á AITHINT DI cáilíocht dhomhanda na coireachta eagraithe agus, dá bhrí sin, gné sheachtrach na slándála inmheánaí agus a thábhachtaí atá sé an comhar agus an comhlachas le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a ghéarú agus a fheabhsú a thuilleadh i dtaca le cur chun feidhme oibríochtúil EMPACT, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt don fhorbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar 'modheolaíocht EMPACT' lasmuigh den Aontas,

Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go sainaithneoidh an Chomhairle, i gcomhréir le modheolaíocht EMPACT agus bunaithe ar Mheasúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe 2021 ó Europol, tosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht le haghaidh chomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe,

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI a thábhachtaí atá sé líon teoranta tosaíochtaí soiléire de chuid an Aontais maidir le coireacht a leagan síos, ar féidir iad a chur chun feidhme go réalaíoch ar bhonn pleananna gníomhaíochta oibriúcháin (OAPanna) bliantúla agus/nó ar bhonn spriocanna straitéiseacha cothrománacha coiteanna (CHSGanna) a shainítear sa phlean straitéiseach ilbhliantúil ginearálta (G-MASP),

Á ATHDHEARBHÚ DI a thábhachtaí atá anailís choiriúil agus cur chuige comhtháite EMPACT agus gur cheart cothromaíocht a bhaint amach idir cosc ar thaobh amháin agus dul i ngleic le líonraí coiriúla, a gcuid struchtúr agus samhlacha gnó ar an taobh eile,

ÓS DÍOL SÁSAIMH DI Measúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe, 2021 (achoimre fheidhmeach EU SOCTA)[6] an 10 Márta 2021, ina n-áirítear tosaíochtaí maidir le coireacht a mholtar don Aontas,

[6] 6818/21

Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go léirítear i Measúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe, 2021 gur tréith de dhreach na coireachta eagraithe í timpeallacht choiriúil líonraithe ina bhfuil úsáid an fhoréigin, éilliú agus mí-úsáid struchtúr dlíthiúil gnó ar fad ag dul i méid. Is cosúil go bhfuil na líonraí coiriúla in ann oiriúnú d'athruithe sa timpeallacht ina n-oibríonn siad agus buntáiste a bhaint astu. Ba cheart, dá bhrí sin, béim ar leith a leagan ar dhul i ngleic le líonraí coiriúla ardriosca agus an plean straitéiseach ilbhliantúil ginearálta agus pleananna gníomhaíochta oibriúcháin bliantúla á bhforbairt i leith tosaíochtaí éagsúla maidir le coireacht,

Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI nach mór do struchtúir EMPACT agus do na gníomhaithe uile lena mbaineann méid áirithe solúbthachta a choimeád chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus bagairtí gan choinne nárbh fhéidir a shainaithint trí phleanáil OAP,

Á MHEABHRÚ DI an doiciméad beartais comhairleach a dhréachtaigh an uachtaránacht agus an Coimisiún Eorpach, bunaithe ar Mheasúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (EU SOCTA), 2021 agus páipéir straitéiseacha, measúnuithe agus beartais straitéiseacha eile á gcur san áireamh,

Á ADMHÁIL DI an Teachtaireacht maidir le straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe agus maidir le straitéis an Aontais maidir le gáinneáil ar dhaoine a chomhrac 2021-2025 ina dtógtar ar an méid a baineadh amach roimhe seo agus ina sainaithnítear snáithí oibre tosaíochta chun an tAontas a chosaint ar ghrúpaí coireachta eagraithe, ina sonraítear tosaíochtaí, gníomhaíochtaí agus spriocanna atá le baint amach idir 2021 agus 2025, dírithe, *inter alia*, ar struchtúr reatha EMPACT a neartú agus ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go mb'fhéidir go ndéanfar neartú substaintiúil ar chistí EMPACT.

LEAGANN SÍ AMACH NA TOSAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS, do chomhrac na coireachta idirnáisiúnta tromchúisí eagraithe idir 2022 agus 2025:

**1) Líonraí coiriúla ardriosca**

Is é is aidhm don tosaíocht seo *'líonraí coiriúla ardriosca a bhíonn gníomhach san Aontas a shainaithint agus cur isteach orthu, amhail eagraíochtaí de chineál maifia, eagraíochtaí eitneacha agus teaghlach-bhunaithe agus líonraí struchtúrtha eile, agus daoine aonair a bhfuil róil chriticiúla acu sna líonraí sin, agus béim ar leith á cur ar na líonraí coiriúla sin a bhaineann an bonn den smacht reachta trí úsáid a bhaint as éilliú, iad siúd a dhéanann gníomhartha foréigin, lena n-áirítear imeaglú, agus airm thine a úsáid chun a spriocanna coiriúla a chur chun cinn, agus iad siúd a dhéanann a gcuid fáltas ó choireacht a sciúradh trí chóras airgeadais comhthreomhar dubh'.*

Ba cheart an tosaíocht sin a chur chun feidhme i bplean gníomhaíochta oibriúcháin (OAP) amháin, agus é dírithe go háirithe ar chroíghrúpaí coiriúla fadmharthanacha ardriosca agus ar sprioc straitéiseach chothrománach choiteann amháin de réir na dtreoirphrionsabal seo a leanas ar cheart iad a leanúint le linn na céime cur chun feidhme:

- Ba cheart don phlean gníomhaíochta oibriúcháin aghaidh a thabhairt ar líonraí coiriúla ardriosca agus béim ar leith a chur ar chroíghrúpaí coireachta fadmharthanacha ardriosca. Thabharfadh sé sin níos mó solúbthachta agus thabharfadh sé deis aghaidh a thabhairt, i gcás inarb ábhartha, ar líonraí coiriúla ardriosca eile, agus ag an am céanna cur leis an taithí a fuarthas trí spriocdhíriú ar chroíghrúpaí coireachta fadmharthanacha ardriosca. Ba cheart do phlean gníomhaíochta oibriúcháin aghaidh a thabhairt freisin ar na fo-eilimintí ar fad a áirítear sa tuairisc (airm thine, sciúradh airgid, éilliú).

- Le linn na chéad chéime píolótaí, forbrófar an plean gníomhaíochta oibriúcháin ar bhonn cur chuige 'céim ar chéim', ag tosú leis an bhfócas ar na gníomhaíochtaí lena bhforbraítear an pictiúr faisnéise agus an fothú acmhainneachta/oiliúint, sa chéad chéim. Tabharfar aird ar leith ar dhlúthchomhar agus ar chomhordú thiománaí an OAP le tiománaithe OAPanna eile, lena n-áirítear ról CHSG.

- Ina theannta sin, ba cheart don OAP sin a chomhlánú le sprioc straitéiseach chothrománach choiteann (CHSG), lena bhféadfaí, in éineacht le feidhm nuabhunaithe chomhordaitheoir CHSG, cur chuige comhtháite a chumasú i ngach OAP, cruthú 'sadhlanna' a sheachaint, cabhrú le dúbláil agus ilroinnt oibre a sheachaint agus comhar agus comhordú breise a áirithiú idir OAPanna. Ina theannta sin, chumasódh an comhréiteach atá beartaithe tosaíochtaí tráchtearra-bhunaithe chun dul i ngleic le gach líonra coiriúil ardriosca.

- Déanfaidh COSI athbhreithniú ar an modh cur chun feidhme tráth nach déanaí ná samhradh 2023, tar éis na tuarascála eatramhaí ar na bagairtí nua, bagairtí atá i mbun athraithe agus bagairtí atá ag teacht chun cinn ('EU SOCTA meántéarmach'). Déanfar faireachán tráthrialta ar an modh cur chun feidhme trí líonraí NEC. Más rud é go n-aithneofar gá oibríochtúil sa chomhthéacs sin agus go gcuirfí in iúl do COSI é, is féidir an modh cur chun feidhme a athbhreithniú agus a oiriúnú dá réir roimh an dáta a socraíodh thuas.

**2) Cibirionsaithe**

Is é is aidhm don tosaíocht seo '*spriocdhíriú ar chiontóirí coiriúla a eagraíonn cibearionsaithe, go háirithe iad siúd a chuireann seirbhísí coiriúla speisialaithe ar fáil ar líne.*'

Ba cheart an tosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta oibriúcháin maidir le 'cibirionsaithe' i dtimthriall reatha EMPACT a chur san áireamh mar is cuí.

**3) Gáinneáil ar dhaoine**

Is é is aidhm don tosaíocht seo '*chun cur isteach ar líonraí coiriúla a bhíonn rannpháirteach i ngáinneáil ar dhaoine le haghaidh gach cineál dúshaothraithe, lena n-áirítear dúshaothrú saothair agus teacht i dtír gnéasach, agus béim ar leith a chur orthu siúd a dhéanann dúshaothrú ar mhionaoisigh chun críche coiriúlachta éigeantais; iad siúd a úsáideann nó a bhagraíonn foréigean ar íospartaigh agus ar a dteaghlaigh, nó a chuireann íospartaigh amú trí ligean orthu gur rud oifigiúil é an dúshaothrú; iad siúd a earcaíonn íospartaigh ar líne agus a dhéanann fógraíocht ar íospartaigh ar líne, agus a bhfreastalaíonn bróicéirí orthu a sholáthraíonn seirbhísí digiteacha dóibh'*.

Ba cheart an tosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme na tosaíochta 'gáinneáil ar dhaoine' a chur san áireamh mar is cuí.

**4) Teacht i dtír gnéasach ar leanaí**

Is é is aidhm don tosaíocht seo '*mí-úsáid leanaí ar líne agus as líne a chomhrac, lena n-áirítear táirgeadh agus scaipeadh ábhair i leith mí-úsáid leanaí chomh maith le teacht i dtír gnéasach ar leanaí*'.

Ba cheart an tosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta oibriúcháin maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí/mí-úsáid ghnéasach leanaí i dtimthriall reatha EMPACT a chur san áireamh mar is cuí.

**5) Smuigleáil imirceach**

Is é aidhm na tosaíochta seo '*troid i gcoinne líonraí coiriúla a bhíonn rannpháirteach i smuigleáil imirceach, go háirithe iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí éascaíochta d'imircigh neamhrialta feadh na bpríomhbhealaí imirce ar theorainn sheachtrach an Aontais agus iad siúd a bhíonn rannpháirteach in éascú gluaiseachtaí tánaisteacha agus fíorú stádais cónaitheora laistigh den Aontas, agus aghaidh ar leith á tabhairt ar na grúpaí sin a chuireann beatha daoine i mbaol de dheasca na modhanna atá acu*'.

Ba cheart an tosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas ón tosaíocht 'éascú teacht isteach neamhúdaraithe' i dtimthriall reatha EMPACT a chur san áireamh mar is cuí.

**6) An gháinneáil ar dhrugaí: táirgeadh, gáinneáil agus dáileadh cannabais, cócaoin agus hearóine; táirgeadh, gáinneáil agus dáileadh drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua**

Le tosaíocht an Aontais maidir le coireacht 'An gháinneáil ar dhrugaí' athghrúpálfaí dhá fhothosaíocht agus chuirfí chun feidhme í in dhá phlean gníomhaíochta oibriúcháin ar leith. Ba cheart an taithí a fuarthas ón tosaíocht 'An gháinneáil ar dhrugaí' i dtimthriall reatha EMPACT a chur san áireamh mar is cuí.

a. <u>Táirgeadh, gáinneáil agus dáileadh cannabais, cócaoin, hearóine</u>

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo *'(1) líonraí coiriúla a shainaithint agus spriocdhíriú orthu, ar líonraí iad a bhíonn rannpháirteach i ngáinneáil mhórdhíola ar channabas, ar chócaon agus ar hearóin chuig an Aontas, (2) dul i ngleic le líonraí coiriúla a bhíonn rannpháirteach i saothrú, táirgeadh, claochlú agus dáileadh cannabais, cócaoin agus hearóine san Aontas.'*

Ba cheart an fhothosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin.

b. <u>Táirgeadh, gáinneáil agus dáileadh drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua</u>

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo *'líonraí coiriúla a shainaithint agus spriocdhíriú orthu, ar líonraí iad a bhíonn rannpháirteach i dtáirgeadh agus soláthar domhanda drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua san Aontas'*.

Ba cheart an fhothosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin.

7) **Coireanna calaoise, eacnamaíocha agus airgeadais: Scéimeanna calaoise ar líne, calaois mháil, calaois MTIC, coireacht maoine intleachtúla, góchumadh earraí agus airgeadraí, airgeadas coiriúil, sciúradh airgid agus aisghabháil sócmhainní**

Faoi thosaíocht seo an Aontais maidir le coireacht 'Coireanna calaoise, eacnamaíocha agus airgeadais', tá cúig cinn d'fhothosaíochtaí agus ba cheart í a chur chun feidhme i gcúig phlean gníomhaíochta oibriúcháin ar leith.

Ba cheart an taithí a fuarthas trí chur chun feidhme na dtosaíochtaí sna pleananna gníomhaíochta oibriúcháin le haghaidh 'Calaois mháil/MTIC', 'Calaois íocaíochta neamhairgid' agus 'Airgeadas coiriúil, sciúradh airgid agus aisghabháil sócmhainní' i dtimthriall reatha EMPACT a chur san áireamh mar is cuí.

a. Scéimeanna calaoise ar líne

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo *'spriocdhíriú ar choirpigh aonair agus ar líonraí coiriúla a eagraíonn scéimeanna mórscála calaoise ar líne chomh maith le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid arb é is aidhm dóibh calaois a dhéanamh ar dhaoine aonair príobháideacha (lena n-áirítear daoine leochaileacha amhail daoine scothaosta) agus ar ghnólachtaí agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí, go háirithe iad siúd a ghineann na milliúin euro gach bliain agus a bhaineann úsáid as ardáin ar líne chun cur le cumas a gcamscéimeanna spriocdhíriú ar líon mór íospartach'*.

Ba cheart an fhothosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin.

b. Calaois mháil

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo '*spriocdhíriú ar líonraí coiriúla agus coirpigh aonair a bhíonn rannpháirteach i gcalaois máil ar mórscála agus aghaidh ar leith á tabhairt ar tháirgeadh agus/nó ar gháinneáil ar tháirgí tobac aindleathacha san Aontas*.'

Ba cheart an fhothosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin.

c. Calaois MTIC (CBL)

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo '*cur isteach ar acmhainneacht na líonraí coiriúla agus na bhfiontraithe coiriúla aonair a bhíonn rannpháirteach i gcalaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh (MTIC)*'.

Ba cheart an fhothosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin.

d. Coireacht maoine intleachtúla, góchumadh earraí agus airgeadraí

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo '*líonraí coiriúla agus fiontraithe aonair coiriúla a bhíonn rannpháirteach i gcoireacht maoine intleachtúla agus i dtáirgeadh, díol nó dáileadh (fisiciúil agus ar líne) earraí nó airgeadraí góchumtha a chomhrac agus cur isteach orthu, agus aghaidh ar leith á tabhairt ar earraí a dhéanann dochar do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí, don chomhshaol agus do gheilleagar an Aontais*.'

Ba cheart an fhothosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin.

e. Airgeadas coiriúil, sciúradh airgid agus aisghabháil sócmhainní

Is é is aidhm don fhothosaíocht seo '*líonraí coiriúla agus fiontraithe aonair coiriúla a bhíonn rannpháirteach in airgeadas coiriúil agus sciúradh airgid a chomhrac agus cur isteach orthu agus aisghabháil sócmhainní a éascú d'fhonn brabúis choiriúla na ngrúpaí coireachta eagraithe a choigistiú ar bhealach éifeachtach, go háirithe trí thacú le himscrúduithe airgeadais a sheoladh go huathoibríoch agus cultúr aisghabhála sócmhainní a fhorbairt trí oiliúint agus trí fhaisnéis airgeadais a roinnt, trí spriocdhíriú ar shindeacáití sciúrtha airgid a mbíonn seirbhísí sciúrtha airgid á dtairiscint acu (lena n-áirítear miúil airgid agus sciúradh airgid trádáilbhunaithe) agus na líonraí coiriúla sin a mbíonn cuid mhór úsáide á baint acu as na bealaí nua íocaíochta atá ag teacht chun cinn leis na fáltais ó choireacht a sciúradh trí chóras airgeadais dleathach nó córas airgeadais comhthreomhar dubh.'*

Ba cheart an fhothosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin agus sprioc straitéiseach chothrománach choiteann amháin. Ní mór a áirithiú go ndéanfar dealú soiléir agus comhordú leis na 'líonraí coiriúla ardriosca'.

**8) An choireacht mhaoine eagraithe**

Is é is aidhm don tosaíocht seo '*cur isteach ar líonraí coiriúla a bhíonn rannpháirteach i mbuirgléireacht agus gadaíocht eagraithe, robálacha eagraithe, coireacht mótarfheithiclí agus trádáil neamhdhleathach earraí cultúrtha, agus aghaidh ar leith á tabhairt orthu siúd atá an-soghluaiste agus a bhíonn ag feidhmiú ar fud an Aontais*'.

Ba cheart an tosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas trí chur chun feidhme na tosaíochta 'An choireacht mhaoine eagraithe' i dtimthriall reatha EMPACT a chur san áireamh mar is cuí.

**9) An choireacht chomhshaoil**

Is é is aidhm don tosaíocht seo '*cur isteach ar líonraí coiriúla a bhíonn rannpháirteach i ngach cineál coireachta comhshaoil agus aghaidh ar leith á tabhairt ar an ngáinneáil ar dhramhaíl agus ar fhiadhúlra, chomh maith le líonraí coiriúla agus fiontraithe aonair coiriúla a bhfuil sé de chumas acu rochtain gan chead a fháil ar struchtúir dhlíthiúla ghnó ar leibhéal ard nó cuideachtaí dílse a chur ar bun chun a gcuid coireanna a éascú*'.

Ba cheart an tosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas trí chur chun feidhme na tosaíochta 'An choireacht chomhshaoil' i dtimthriall reatha EMPACT a chur san áireamh mar is cuí.

**10) Gáinneáil ar airm thine**

Is é is aidhm don tosaíocht seo '*spriocdhíriú ar líonraí coiriúla agus coirpigh aonair a bhíonn rannpháirteach i ngáinneáil, dáileadh agus úsáid aindleathach na n-arm tine*'.

Ba cheart an tosaíocht seo a chur chun feidhme trí phlean gníomhaíochta oibriúcháin amháin. Ba cheart an taithí a fuarthas trí chur chun feidhme na tosaíochta 'An gháinneáil mhídhleathach ar airm thine' i dtimthriall reatha EMPACT a chur san áireamh mar is cuí. Ní mór a áirithiú go ndéanfar dealú soiléir agus comhordú leis na 'líonraí coiriúla ardriosca'.

## 4. BAGAIRTÍ TRASGHEARRTHA

1) **Calaois doiciméad:** '*Calaois doiciméad san Aontas a chomhrac, trí spriocdhíriú ar líonraí coiriúla agus fiontraithe aonair coiriúla a bhíonn rannpháirteach i ndoiciméid chalaoiseacha agus bhréagacha a tháirgeadh agus a sholáthar do choirpigh eile*'.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhagairt chalaois na ndoiciméad trí sprioc straitéiseach chothrománach choiteann. Ós rud é gur cumasóir tábhachtach le haghaidh go leor coireanna í calaois doiciméad, ba cheart do shaineolaithe ar chalaois doiciméad tacú le saineolaithe tráchtearraí nuair is ábhartha.

Ba cheart an taithí a fuarthas trí chur chun feidhme na tosaíochta trasghearrtha 'Calaois doiciméad' i dtimthriall reatha EMPACT a chur san áireamh mar is cuí.

Á ATHDHEARBHÚ DI gur gá leanúint de chomhrac na mbagairtí coireachta uile, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil i dtimthriall nua EMPACT, ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais, agus i gcás inar gá sin i dteannta tríú tíortha agus comhpháirtithe idirnáisiúnta.

Á ÉILEAMH DI go dtabharfadh Ballstáit, institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais mar aon le líonraí Eorpacha agus grúpaí saineolaithe, gealltanas go n-áiritheofaí cur chun feidhme oibríochtúil éifeachtach EMPACT, rud a dteastaíonn acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais chuige chomh maith le feasacht. Ionas go ndéanfar an plean straitéiseach ilbhliantúil ginearálta agus na pleananna gníomhaíochta oibriúcháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme, caithfidh saineolaithe a dtugtar cumhacht leordhóthanach dóibh a bheith rannpháirteach,

Á ÉILEAMH DI go nglacfadh na gníomhaithe uile, i gcás inarb iomchuí, ról thiománaithe, chomhthiománaithe agus cheannairí na gníomhaíochta agus ról chomhordaitheoirí na spriocanna straitéiseacha cothrománacha coiteanna i ndáil le tosaíochtaí an Aontais faoi seach maidir le coireacht,

Á CHUR I dTREIS AICI na comhiarrachtaí is gá do na Ballstáit agus institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus os cionn an leibhéil sin chun tosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht a chur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla,

Á CHUR I dTREIS AICI nach mór do na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear údaráis ábhartha na mBallstát maidir le forfheidhmiú an dlí, do na húdaráis bhreithiúnacha agus d'institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais dlúthchomhar rialta a áirithiú maidir le cur chun feidhme thosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht, agus ar an gcaoi sin go n-áiritheofar cur chuige ilnáisiúnta ildisciplíneach agus ilghníomhaireachta. Is den ríthábhacht i ndáil leis an méid sin an dea-chomhar idir póilíní, gardaí teorann agus custaim, údaráis chustaim, chánach, bhreithiúnacha agus riaracháin, agus le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, líonraí Eorpacha agus grúpaí saineolaithe agus, i gcás inarb ábhartha, leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha chomh maith,

TUGANN SÍ TREOIR DO COSI cur chun feidhme an phlean straitéisigh ilbhliantúil ghinearálta agus na bpleananna gníomhaíochta oibríochta bliantúla a chomhordú, tacaíocht a thabhairt dóibh, agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar mheasúnú meántéarma agus ar mheasúnú deiridh thorthaí na ngníomhaíochtaí chun gnóthú na spriocanna straitéiseacha a thomhas,

IARRANN SÍ AR COSI, i gcás inarb ábhartha, idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle, le gníomhaireachtaí CGB, leis an gCoimisiún agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí chun a gcuid gníomhaíochtaí ábhartha a ailíniú le cur chun feidhme thosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht. Iarrtar ar na huachtaránachtaí inteachta an méid sin a chur san áireamh agus cláir mheithleacha na Comhairle faoi seach á n-ullmhú acu,IARRANN sí ar chomhlachtaí ullmhúcháin uile na Comhairle, ag féachaint go cuí d'fhorálacha na gConarthaí, na tosaíochtaí seo a chur san áireamh ina réimsí beartais faoi seach,

IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar ghníomhaireachtaí, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, ar líonraí Eorpacha agus ar ghrúpaí saineolaithe agus ar gheallsealbhóirí ábhartha eile tosaíochtaí nua an Aontais maidir le coireacht le haghaidh 2022 go 2025 a chur san áireamh maidir lena gcuid straitéisí, pleananna agus clár oibre agus d'fhonn tacú le EMPACT agus cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin agus iad a neartú freisin,

IARRANN SÍ AR CEPOL agus ar na geallsealbhóirí eile go léir a gcuid oibre a chomhordú d'fhonn tosaíochtaí EMPACT a léiriú ar bhealach comhsheasmhach i ngach tionscnamh oiliúna agus fothaithe acmhainneachta,

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit, ar ghníomhaireachtaí an Aontais agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí féachaint an bhféadfaí cistí EMPACT a threisiú agus breathnú ar gach gné den phróiseas airgeadais chun a áirithiú go mbeidh cistiú leordhóthanach ar fáil chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt do ghníomhaíochtaí EMPACT laistigh den chreat ama ábhartha,

IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí ábhartha uile cineálacha cur chuige malartacha agus comhlántacha agus ionstraimí malartacha agus comhlántacha a úsáid go gníomhach chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac, i dteannta an chur chuige traidisiúnta atá bunaithe ar an gceartas coiriúil,

IARRANN SÍ ar Europol, ar bhonn an cheanglais a d'fhormhuinigh COSI agus na moltaí ón meastóireacht neamhspleách á gcur san áireamh aige, athbhreithniú meántéarma a ullmhú i gcomhar leis na Ballstáit agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais le linn 2023 maidir le bagairtí atá i mbun athraithe agus bagairtí atá ag teacht chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar thosaíochtaí an Aontais maidir le coireacht a cinneadh agus Measúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe.